C/2025/5378

6.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5378)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Jurançon'

PDO-FR-A0827-AM03 — 8.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Jurançon'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhia, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Jurançon' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Mar chuid den nós imeachta simplithe chun críochú dáileachta talún a cheartú, cuireadh de chúram ar shaineolaithe scrúdú a dhéanamh ar iarrataí ar áireamh in ATFC 'Jurançon' a chuir oibreoirí isteach. D'eisigh na saineolaithe a dtuairim i ndlúthchomhlíonadh na gcritéar críochaithe réamhbhunaithe, as ar eascair togra le haghaidh críochú dáileachta talún nua le haghaidh ATFC.

Leasaíodh Caibidil I(IV)(2) 'Limistéar dáileachta talún críochaithe' de shonraíocht táirge ATFC 'Jurançon', agus cuireadh isteach dáta chruinniú an choiste náisiúnta ag ar formheasadh críochú na dáileachta talún.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. *Limistéar geografach*

Tá nuashonrú ar Chaibidil I(IV)(1) 'Limistéar geografach' ag gabháil leis an leasú sin, lena n-athchruthaítear liosta na mbardas i gcomhréir le Cód Geografach 2024. Níor leasaíodh imlíne an limistéir gheografaigh.

Leasaíodh an roinn, 'Limistéar geografach sainithe', den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Jurançon

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. *Fíon geal tirim socair*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cothaíonn leibhéil arda aigéadachta na fíonta tirime, rud a thugann cáilíocht an-bhríomhar dóibh agus rud a dhéantar a chothromú le holarthacht shuntasach. Tá acmhainneacht aosaithe roinnt blianta ag roinnt fíonta tirime, agus coinníonn siad a n-úire an tráth céanna.

Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 11,50 %

Ní sháraíonn an neart alcóil iomlán de réir toirte, tar éis saibhrithe, 14 % le haghaidh fhíonta ATFC 'Jurançon' arna fhorlíonadh leis an téarma 'sec' [tirim].

Méid siúcra choipthigh: 4 ghram in aghaidh an lítir ar a mhéad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 14

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta geala neamhcharbónáitithe ina bhfuil siúcraí coiptheacha*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Leis an aigéadacht, déantar an neart alcóil agus na siúcraí iarmharacha a chothromú, rud a fhágann go mbíonn fíonta saor ó aon troime, agus atá an-úr agus bríomhar. Bíonn dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha ar na fíonta óga den chuid is mó. Éiríonn siad sin níos casta de ghnáth le haosú (uaireanta roinnt blianta), agus dea-bholaithe de thorthaí triomaithe agus spíosraí ag teacht chun cinn.

Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 14 %. Méid siúcra choipthigh: > 40 gram in aghaidh an lítir

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 17,5

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Trealamh toirmiscthe

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha a úsáid.

2. Saibhriú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní dhéantar saibhriú ar fhíonta atá incháilithe don téarma ‘vendanges tardives’ [buaint dhéanach].

Ceadaítear saibhriú trí thiúchan páirteach úrfhíonta atá le húsáid i dtáirgeadh fíona, faoi réir teorainn tiúchana 10 % le haghaidh na dtoirteanna a shaibhrítear trí úsáid a bhaint as an modh sin. Is féidir an neart alcóil iomlán de réir toirte a mhéadú go 17,50 % dá bharr.

Ceadaítear saibhriú le haghaidh fíonta eile den ainmniúchán sin (iad siúd nach bhfuil téarmaí breise acu chomh maith leo siúd a bhfuil an téarma ‘sec’ acu) de réir na rialacha a leagtar amach sa tsonraíocht táirge.

3. Dlús plandaithe

An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha, agus is é 2,80 mhéadar nó níos lú an spásáil idir na sraitheanna.

Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le dáileachtaí fíniúnacha léibheannacha.

4. Rialacha maidir le prúnáil

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ar na bealaí seo a leanas:

— prúnáil spoir (trí úsáid a bhaint as modh cordon de Royat), agus 16 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda,

— go Guyot aonair agus 16 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda,

— Guyot dúbailte agus 20 bachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

Tá an líon craobh a thugann torthaí sa bhliain in aghaidh an phlanda tar éis bláthú (céim fáis fheineolaíoch Lorenz 23) níos lú ná an méid seo a leanas nó comhionann leis:

— 12 i gcás prúnáil spoir (cordon de Royat) agus i gcás prúnáil Guyot aonair,

— 16 i gcás prúnáil Guyot dhúbailte.

5. Buaint

An modh saothraithe

Is as fíonchaora a bhuantar de láimh a dhéantar na fíonta.

Déantar na fíonta as fíonchaora a bhuaintear i roghanna i ndiaidh a chéile, cé is moite d'fhíonta atá incháilithe don téarma 'sec'.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon geal tirim socair

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta geala neamhcharbónáitithe ina bhfuil siúcraí coiptheacha

44 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach sainithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta, sa limistéar geografach, arb é atá ann, ar dháta formheasta na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, críoch na mbardas seo a leanas ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Roinn Pyrénées-Atlantiques: Abos, Arbus, Artiguelouve, Aubertin, Bosdarros, Cardesse, Cuqueron, Estialesq, Gan, Gelos, Haut-de-Bosdarros, Jurançon, Lacommande, Lahourcade, Laroin, Lasseube, Lasseubétat, Lucq-de-Béarn, Mazères-Lezons, Monein, Narcastet, Parbayse, Rontignon, Saint-Faust agus Uzos.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Gros Manseng B

Petit Manseng B

8. **Tuairisc ar na naisc**

Jurançon

Tá an limistéar geografach suite i mbunchnoic thuaidh na bPiréiní, i gceantar cnocach. Síneann na fíonghoirt trasna bharra na leiceann cnoic.

Ó thaobh na geolaíochta de, is féidir an limistéar táirgeachta a roinnt ina thrí cheantar ar leith:

— san oirthuaisceart, is í cloch chumaisc Jurançon an charraig cheannasach, comhcheirtleán púróg agus stroighin chailcreach;

— ó dheas, faightear flís den chuid is mó, i.e. carraig dhríodair a bhfuil sraitheanna crua agus boga fite fuaite inti, lena gcruthaítear sraith d'fhánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas;

— san iarthar, tá éagsúlacht gheolaíoch níos mó ann.

Is gnách go mbíonn uigeacht chréúil agus cion ard cloiche ag na hithreacha.

Tá an topagrafaíocht struchtúrtha ag carraigeacha crua. Is minic a bhíonn na fánaí géar, fiú má tá na hingearchlónna measartha.

Sa chloch chumaisc, cruthaíonn na codanna is airde de na gleannlínte soirceanna dochta.

Saintréith den aeráid is ea an bháisteach ard bhliantúil (1 200 mm) a dháiltear go cothrom. Bíonn solas measartha gréine ann in aghaidh na bliana (1 900 uair an chloig). Mar sin féin, séideann gaotha teo tirime Foehn ó dheas san fhómhar agus san earrach, bíonn ról ríthábhachtach acu tríd an aer a thriomú agus tríd an teocht agus an méid gréine a mhéadú.

Tá an limistéar geografach scaipthe ar fud 25 bhardas i ndeisceart roinn Pyrénées-Atlantiques.

Bunaíodh na fíonghoirt le linn an 14ú haois, tráth a d'eascair glanadh substaintiúil talún agus forbairt talmhaíochta as an daonra a bhí ag méadú.

Tháinig méadú ar an trádáil sa 15ú haois, rud a bhain go háirithe le teacht chun cinn chathair Pháú. Maidir leis an tábhacht a bhaineann le fíniúnacha agus fíon in 'For de Béarn' 1551 (téacsanna dlíthiúla arna n-eisiúint ag Henry II de Navarra), léirítear an aird a tarraingíodh ar na fíonghoirt.

Mar gheall ar an nasc idir fíonghoirt Jurançon agus Páú, agus ina dhiaidh sin a bhailte agus a réigiúin máguaird, cruthaíodh eastáit mhóra fíona agus forbraíodh margaí go mór. Tháinig siad sin chun suntais go háirithe a bhuí le monarcaí Navarra a chuir fíonghoirt Jurançon chun cinn, tar éis dóibh bogadh go Páú, agus a spreag fíonta Jurançon lena gcur ar fáil ag a gcúirt.

San 18ú haois, bhí na cineálacha 'petit manseng', 'gros manseng', 'camaralet' agus 'courbu' le feiceáil i ndoiciméid Eastáit Béarn. Ba iad Eastáit Béarn ba chúis le leathnú na margaí onnmhairiúcháin chuig an Ísiltír, rud a mhéadaigh an tábhacht go dtí deireadh an 18ú haois.

Aithníodh na fíonghoirt mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint le haghaidh fíonta geala leathmhilse in 1936 agus le haghaidh fíonta geala tirime in 1975. Aithníodh an t-ainmniúchán a bhuí le saothrú leanúnach cháilíocht agus mháistreacht theicniúil na n-oibreoirí uile. Ó bhí 1995 ann, bhíothas in ann ainm ATFC a fhorlíonadh leis an téarma 'vendanges tardives' [buaint dhéanach].

Déanann comhar-fhíonlann Gan, a cruthaíodh in 1949, fíon as na fíonchaora agus tá thart ar 60 fíonlann aonair spaipthe amach ar fud an limistéir uile. Tá achar dromchla fhíonghoirt Jurançon ag fás go seasta le 30 bliain anuas, lena gcumhdaítear thart ar 1 200 ha in 2010.

Gineann geomoirfeolaíocht shonrach an limistéir gheografaigh, lena fhánaí géara agus soirceanna ina gcuirtear na fíniúnacha, topa-aeráid an-fhabhrach chun na fíonchaora a aibiú agus a ró-aibiú: solas na gréine, teas, bogthaise íseal, draenáil báistí trí rith chun srutha dromchla. Tá cineálacha áitiúla déanach agus oiriúnaithe go maith don aeráid áitiúil a bhuí lena gcraicne tiubha. Tá siad an-oiriúnach don ró-aibiú.

Maidir le gaotha Foehn aneas a shéideann san fhómhar, a thugann teas agus aer tirim leo, cuidíonn siad go mór leis an ró-aibiú sin. Tá na hithreacha atá créúil den chuid is mó i réigiún Jurançon foirfe le haghaidh na gcineálacha fíonchaor a úsáidtear, a dteastaíonn uisce suntasach uathu.

Maidir le cumas na saothróirí fíniúna tús áite a thabhairt d'aibiú agus triomú na bhfíonchaor ar an bhfíniúin, trí bhuaint agus roghanna comhleanúnacha, léirítear go bhfuil saineolas ann atá dea-oiriúnaithe don timpeallacht gheografach agus do na cineálacha, agus barrfheabhsú á dhéanamh ar acmhainneacht a bhfíonghort.

Tá cáil fhíonta Jurançon ag fás i gcónaí.

Saintréith de chuid na bhfíonta is ea cáilíocht bhríomhar, lena ndéantar an t-alcól agus na siúcraí iarmharacha a chothromú, rud a fhágann nach mbíonn na fíonta trom agus go mbíonn úire iontach acu.

Bíonn dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha ar na fíonta óga den chuid is mó. Éiríonn siad sin níos casta de ghnáth le haosú, agus dea-bholaithe de thorthaí triomaithe agus spíosraí ag teacht chun cinn go háirithe.

Is féidir leis na fíonta teacht chun cinn i gcaitheamh na mblianta.

Fíonta ag a bhfuil an téarma 'vendanges tardives' [buaint dhéanach] ina ndéantar na fíonchaora a thriomú go fada ar an bhfíniúin san fhómhar, agus a bhaintear ó mhí na Samhna, bíonn siúcraí iarmharacha arda acu agus dea-bholaithe níos déine orthu.

Cothaíonn na leibhéil arda aigéadachta na fíonta tirime freisin, rud a thugann cáilíocht an-bhríomhar dóibh, rud a dhéantar a chothromú le holarthacht shuntasach. Tá acmhainneacht aosaithe roinnt blianta ag roinnt fíonta tirime, agus coinníonn siad a n-úire an tráth céanna.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú: 'sec' (tirim)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Ní mór an téarma 'sec' [tirim] a chur i ndiaidh ainm an ATFC le haghaidh fíonta a chomhlíonann na coinníollacha a bheidh le lipéadú mar fhíonta den sórt sin, mar a léirítear sa roinn 'Tuairisc'.

— Tagann an téarma 'sec' [tirim] díreach i ndiaidh ainm an ATFC.

Lipéadú: 'Vendages tardives' (buaint dhéanach)

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór bliain an fhíona a lua freisin i bhfíonta atá incháilithe don téarma 'vendanges tardives' [buaint dhéanach].

Ní mór dóibh na forálacha seo a leanas a chomhlíonadh: fíonchaora a bhuaintear ón 2 Samhain, íosmhéid siúcra fíonchaor 281 ghram in aghaidh an lítir, agus neart alcóil nádúrtha íosta 17 % de réir toirte.

Lipéadú: aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfaidh an t-ainmniúchán geografach forlíontach, lena sonraítear an t-aonad geografach níos leithne 'Susd-Ouest' [iardheisceart], a bheith ann i ndiaidh ATFC 'Jurançon'.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-d645c8b2-51ab-4b49-838c-4339610be9ac